# Leabhair scoile saor in aisce do gach dalta bunscoile



## Eolas do thuismitheoirí/ chaomhnóirí

Ó Mheán Fómhair 2023, cuirfidh a**n scoil leabhair scoile, leabhair saothair agus cóipleabhair** ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i mbunscoileanna aitheanta, lena n-áirítear scoileanna speisialta. Níl aon chostas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí do seo, mar faigheann scoileanna maoiniú ón Rialtas chun na costais seo a chlúdach.

Cuirfidh an scoil leabhair scoile, leabhair saothair agus cóipleabhair ar fáil.

Ní gá do thuismitheoirí iad a cheannach ná a fháil ar cíos.

Ní iarrfar ar thuismitheoirí táillí a íoc do seo.

Faigheann scoileanna maoiniú chun na nithe seo a cheannach. Caithfidh scoil tosaíocht a thabhairt d'úsáid an mhaoinithe chun gach costas téacsleabhar, leabhar saothair agus cóipleabhar a chlúdach.

B'fhéidir go mbeidh ar thuismitheoirí roinnt nithe breise a cheannach dá leanaí le húsáid ar scoil. Caithfidh scoileanna é seo a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí.

Beidh fáil ag gach leanbh sa rang ar na leabhair scoile, na leabhair saothair agus na cóipleabhair is gá.

Beidh na leabhair scoile agus na leabhair saothair ar iasacht ag na leanaí.

Caithfear iad a thabhairt ar ais don scoil ag deireadh na scoilbhliana, nó má fhágann leanbh an scoil.

Tá sé tábhachtach go gcoimeádtar na leabhair i riocht maith lena chinntiú gur féidir iad a athúsáid bliain in aghaidh bliana. Cuidigh a chinntiú go gcoimeádann do leanbh/leanaí do leabhar scoile slán agus go gcoimeádtar iad i ndea-chuí ionas gur féidir le leanbh eile iad a úsáid ina dhiaidh sin.

I mBuiséad 2023 chuir an Rialtas os cionn €50 milliún ar fáil chun deireadh a chur le costas leabhar scoile do leanaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

An Roinn Oideachais
Department of Education